Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9120/18**

**WTO 134**
**SERVICES 43**
**FDI 28**
**COMER 46**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Comhaontaithe trádála de chuid an Aontais a chaibidil agus a chur i gcrích - Conclúidí ón gComhairle. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le comhaontaithe trádála de chuid an Aontais a chaibidil agus a chur i gcrích, ar conclúidí iad a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha/Trádáil) ar an 22 Bealtaine 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE COMHAONTUITHE TRÁDÁLA DE CHUID AN AONTAIS A CHAIBIDIL AGUS A CHUR I gCRÍCH

1. Tá an tAontas tiomanta do bheartas trádála stóinseach, éifeachtach, inchreidte, a thacaíonn le córas trádála iltaobhach atá oscailte agus rialacha-bhunaithe. Saothróidh an tAontas clár oibre saorthrádála uaillmhianach a thacaíonn leis na milliúin post agus a chuireann leis an rathúnas, agus ag an am céanna ionchais na saoránach á gcur san áireamh i ndáil le léirscaoileadh trádála i saol domhandaithe, broidiúil an lae inniu. Áirítear air sin gur gá luachanna agus caighdeáin an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, agus an ceart rialála ag rialtais chun leas an phobail a choimeád. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an Chomhairle go láidir le comhaontuithe saorthrádála atá uaillmhianach, cothromaithe agus chun tairbhe an dá thaobh (CSTanna) a chaibidil, lena ndéantar cothrom iomaíochta a áirithiú. Meabhraítear don Chomhairle freisin, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 22 Márta 2018, go mbreathnóidh an Coimisiún ar an gcaoi le forfheidhmiú na ngealltanas arna dtabhairt ag tríú tíortha a threisiú. Cuirfear gach comhaontú trádála i bhfeidhm go hiomlán, go héifeachtach agus go neamh-idirdhealaitheach maidir le gach Ballstát de chuid an Aontais; cuid riachtanach an méid sin d'aon phróiseas chun na comhaontuithe sin a uasghrádú.

2. Tugann an Chomhairle dá haire an tuairim ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa 2/15 maidir le roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit chun an CST idir an tAontas agus Singeapór a chur i gcrích. Meabhraítear don Chomhairle freisin pacáiste trádála agus infheistíochta 2017 ón gCoimisiún, lena n-áirítear an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Balanced and Progressive Trade Policy to Harness Globalisation* [Beartas trádála a bheidh cothrom, forásach chun leas a bhaint as an domhandú].

3. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún dréacht-treoracha caibidlíochta a mholadh amach anseo maidir le CSTanna a chumhdaíonn inniúlacht eisiach de chuid an Aontais ar thaobh amháin agus comhaontuithe infheistíochta measctha ar leithligh ar an taobh eile, d'fhonn seasamh an Aontais mar chomhpháirtí caibidlíochta a threisiú. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh an cinneadh tús a chur le caibidlíocht ar an mbonn sin. Is í an Chomhairle freisin a dhéanfaidh an cinneadh, de réir an cháis, i ndáil le comhaontuithe trádála a scoilteadh. Ag brath ar an ábhar, ba cheart comhaontuithe comhlachais a bheith ina gcomhaontuithe measctha. Na comhaontuithe atá á gcaibidil faoi láthair, amhail na comhaontuithe le Meicsiceo, le Mercosur agus leis an tSile, leanfaidh siad de bheith ina gcomhaontuithe measctha.

4. Mar thoradh ar chomhaontuithe trádála de chuid an Aontais amháin a chaibidil, níor cheart go gcaillfí cumas luamháin an Aontais chun comhaontuithe infheistíochta aonair uaillmhianacha a bhaint amach. Ba cheart an chéad mhachnamh sa Chomhairle ar an ngá le rialacha cosanta infheistíochta leis an gcomhpháirtí caibidlíochta lena mbaineann a bheith ar siúl ag an gcéim is luaithe is féidir sa chleachtadh scóipe. Ba cheart comhaontuithe infheistíochtaí an Aontais, i gcás ina meastar gur gá, a chaibidil i gcomhthreo le CSTanna.

5. I dtaca le caibidlíocht trádála leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn amach anseo, tugann an Chomhairle dá haire nár chuir an Coimisiún i láthair sa dá chás shonracha sin aon mholadh maidir le treoracha caibidlíochta i gcomhair comhaontuithe infheistíochta, i dteannta leis na moltaí atá déanta aige maidir le CSTanna a chaibidil. Measann an Chomhairle nár cheart dó sin a bheith ina fhasach don todhchaí.

6. Tá an Chomhairle ag súil le síniú an chomhaontaithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch leis an tSeapáin, ach a nglacfar na cinntí ábhartha ón gComhairle. Idir an dá linn, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint leis an gcaibidlíocht leis an tSeapáin i ndáil le comhaontú infheistíochta ar leith. Tá a marana á déanamh ag an gComhairle ar na comhaontuithe ar leith i ndáil le trádáil agus infheistíocht le Singeapór, mar a mhol an Coimisiún, d'fhonn na cinntí i ndáil le síniú na gcomhaontuithe sin a ghlacadh a luaithe is féidir.

7. Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an gComhairle, agus í a choinneáil go hiomlán ar an eolas, le linn gach céim de phróiseas caibidlíochta na CSTanna, eadhon ón gcleachtadh scóipe go dtí go dtiocfar ar chomhaontú i bprionsabal, lena n-áirítear i gcás ina dtagann an comhaontú go hiomlán faoi raon feidhme inniúlacht an Aontais. Glacfaidh an Chomhairle na cinntí maidir le síniú agus cur i gcrích; fágtar leis an bpróiseas sin gur féidir le rialtais na mBallstát dul i gcomhairle lena bparlaimintí náisiúnta agus le geallsealbhóirí eile. Dá bhrí sin, i ndáil le comhaontuithe a thagann go hiomlán faoi raon feidhme inniúlacht an Aontais, a fhormheastar ar leibhéal an Aontais agus nach gá do na Ballstáit a dhaingniú, áirithíonn ról na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa dlisteanacht agus cuimsitheacht an phróisis glactha. Beidh sé riachtanach comhaontuithe infheistíochta, ina n-áirítear réimsí inniúlachta comhroinnte, a fhormheas ar leibhéal an Aontais fós, agus a dhaingniú freisin ar an leibhéal náisiúnta. I gcás caibidlíocht leanúnach le haghaidh comhaontuithe trádála, déanfaidh an Chomhairle plé agus machnamh ar an dul chun cinn sa chaibidlíocht agus féadfaidh sí a marana a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí na treoracha caibidlíochta a athbhreithniú más gá.

8. Measann an Chomhairle gur cheart parlaimintí na mBallstát, chomh maith leis an tsochaí shibhialta agus geallsealbhóirí leasmhara eile, a choinneáil ar an eolas ó thús an phróisis ullmhúcháin le haghaidh comhaontuithe trádála a chaibidil. Ba cheart, dá bhrí sin, do na Ballstáit leanúint de dheis chuí a thabhairt do na parlaimintí náisiúnta agus do gheallsealbhóirí leasmhara, i gcomhréir lena nósanna imeachtaí náisiúnta faoi seach. I dtéarmaí níos ginearálta, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus ar ionchais na saoránach agus aithníonn sí an gá atá ann saoránaigh a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn agus ábhar comhaontuithe trádála a bhíonn á gcaibidil, ionas go neartófar ar an gcaoi sin dlisteanacht agus cuimsitheacht bheartas trádála an Aontais. Tugann an Chomhairle dá haire bearta faisnéise agus trédhearcachta an Choimisiúin agus molann sí don Choimisiún agus do na Ballstáit dlús a chur lena gcuid iarrachtaí geallsealbhóirí leasmhara a choinneáil ar an eolas go leanúnach agus go leordhóthanach. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle gur phoibligh sí roinnt treoracha caibidlíochta. Is í an Chomhairle amháin a dhéanfaidh cinneadh den sórt sin, de réir an cháis.

9. Ar deireadh, cé go n-urramaíonn sí na rialacha vótála is infheidhme faoi na Conarthaí, measann an Chomhairle go leanfaidh sí d'iarracht a dhéanamh, a mhéid is féidir, teacht ar chomhdhearcadh d'fhonn a áirithiú go n-urramófar go leordhóthanach leasanna agus ábhair imní na mBallstát uile i gcomhaontuithe trádála.